**An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

***Imscrúdú scortha***

Rinneadh cinneadh scor d'imscrúdú nuair a tugadh dearbhuithe ar leith a chinnteodh go mbeadh an dualgas teanga a bhí ina ábhar amhrais á chomhlíonadh go cuí ag an Údarás Náisiúnta Iompair.

D'eascair an t-imscrúdú as gearáin maidir le comharthaí leictreonacha I dtaca le ham sroichte bus a bhí curtha in airde le linn tréimhse tástála agus comhairliúcháin phoiblí, i mBéarla amháin, i mBaile Átha Cliath ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá na dualgais reachtúla maidir le húsáid na dteangacha oifigiúla ar chomharthaíocht daingnithe sna Rialacháin faoi fho-alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, in I.R. 391 de 2008.

Dhearbhaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair, i litir don imscrúdú, go raibh céimeanna á nglacadh aige le cinntiú go mbeadh na comharthaí leictreonacha seo ag feidhmiú go dátheangach. Bhí cumas an chórais leictreonaigh feidhmiú go dátheangach san áireamh cheana féin sna mionsonraí do na bogearraí nuair a lorgaíodh iarratais ar thairiscintí don obair. I bhfianaise an dearbhaithe sin, chinn an Coimisinéir Teanga an t-imscrúdú a scor.

Faoi dheireadh 2011, bhí na comharthaí leictreonacha d'amchlár an chórais bhus ag feidhmiú go dátheangach agus is cosúil gur ar bhonn dátheangach atá sé i gceist comharthaíocht den chineál seo a fhorbairt ar fud na tíre as seo amach.

**Imscrúdú seolta: 11 Márta 2011**

**Imscrúdú scortha: 6 Aibreán 2011**